




*Rewarding Learning*

**Treoir do Thuismitheoirí  
Maidir leis an Mheasúnú**  
Eochairchéimeanna 1 agus 2

2016/2017

## Réamhrá

I mblianta 1 go dtí 7, caithfidh múinteoirí measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim do pháiste sna gnéithe seo de Churaclam Thuaisceart Éireann:



Is faoi na scoileanna atá sé cinneadh a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaidh siad measúnú ar dhul chun cinn do pháiste sna Réimsí Foghlama agus sna Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Baineann gach scoil úsáid as na **Leibhéil de Dhul Chun Cinn** le measúnú a dhéanamh ar na **Scileanna Traschuraclaim** i mblianta 3 go dtí 7.

## Cad iad na Scileanna Traschuraclaim?

Is iad seo na Scileanna Traschuraclaim:

<b>Cumarsáid</b> - Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt - Léitheoireacht - Scríbhneoireacht	Cumas do pháiste scileanna teanga a úsáid go héifeachtach (i mBéarla agus/nó i nGaeilge) i ngach réimse den churaclam agus sa ghnáthshaol
<b>Úsáid na Matamaitice</b>	Cumas do pháiste an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar an mhatamaitic a úsáid agus a chur i bhfeidhm síos tríd an churaclam agus sa ghnáthshaol
<b>Úsáid TFC</b> (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide)	Cumas do pháiste faisnéis a láimhseáil agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach agus ceistanna a chur trí Úsáid TFC i réimse comhthéacsanna trasna an churaclaim

## Cén tábhacht a bhaineann leis na Scileanna Traschuraclaim?

Cuideoidh na Scileanna Traschuraclaim le do pháiste tabhairt faoin fhoghlaim go neamhspleách agus ar feadh a saoil. Is scileanna riachtanacha iad dóibh seo a leanas:

- an gnáthshaol;
- an obair; agus
- aistriú go dtí an iarbhunscolaíocht.

## Cad iad na Leibhéil de Dhul Chun Cinn?

Is creat de chritéir mheasúnaithe iad na Leibhéil de Dhul Chun Cinn a úsáideann múinteoirí le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn do pháiste sna Scileanna Traschuraclaim.

Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn:

is sraith ráiteas iad a dhéanann cur síos ar cad é a thig le daltaí a dhéanamh;

téann siad ó Leibhéal 1 go Leibhéal 5 sna bunscoileanna (is é Leibhéal 5 is airde); agus

déantar cur síos iontu ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a bheadh le léiriú ag do pháiste leis an leibhéal a bhaint amach.

Is féidir leat teacht ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

## Cén dóigh a ndéanfaidh na múinteoirí measúnú ar an leibhéal ag a bhfuil do pháiste ag obair?

Úsáidfídh na múinteoirí na Leibhéil de Dhul Chun Cinn le breithiúnas a dhéanamh ar an leibhéal atá bainte amach ag do pháiste ag deireadh Eochairchéimeanna 1 & 2 iontu seo a leanas:

An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC.

Beidh breithiúnas na múinteoirí bunaithe orthu seo:

an t-eolas atá acu ar do pháiste agus ar an fhaisnéis ón mheasúnú leanúnach; agus

feidhmíocht ghinearálta do pháiste i ngníomhaíochtaí measúnaithe pleanáilte, nó tascanna.

## Cad é an leibhéal ar chóir a bheith ag súil leis?

Is é ‘an leibhéal ionchais’ an leibhéal ba chóir a bheith bainte amach ag mórchuid na bpáistí faoi dheireadh na hEochairchéime:

Is é **Leibhéal 2** an leibhéal ionchais faoi dheireadh Eochairchéim 1.

Is é **Leibhéal 4** an leibhéal ionchais faoi dheireadh Eochairchéim 2.

Ba chóir go mbogadh daltaí leibhéal amháin chun cinn ar a laghad idir deireadh Eochairchéim 1 agus deireadh Eochairchéim 2.

## Cén dóigh a ndéanann muid cinnte de go gcuirtear na caighdeáin i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach?

Déanann **próiseas modhnóireachta** cinnte de go gcuirtear na caighdeáin i bhfeidhm ar an dóigh chéanna i ngach scoil, ionas is go dtig leat muinín a chur i mbreithiúnas an mhúinteora. Baineann na pointí seo a leanas leis an próiseas:

múinteoirí ag obair le chéile le caighdeán a aontú agus a shocrú taobh istigh den scoil; agus

seiceáil sheachtrach ar shamplaí d’obair daltaí a ndearna an múinteoir measúnú orthu.

Déanfaidh CCEA an próiseas seachtrach modhnóireachta a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.

## Cad é mar a bhfaighidh tú amach faoi dhul chun cinn do pháiste?

Gheobhaidh tú tuairisc scríofa ó scoil do pháiste, ag deireadh gach scoilbhliana. Déanfar cur síos ar dhul chun cinn do pháiste maidir le gach gné den churaclam (na Scileanna Traschuraclaim san áireamh). Má tá do pháiste i mbliain 4 nó i mbliain 7, cuirfidh an scoil in iúl duit chomh maith:

cén leibhéal atá bainte amach ag do pháiste sa Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC; agus

leibhéal ionchais na ndaltaí atá sa bhliainghrúpa chéanna le do pháiste sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC, chomh maith le heolas eile a chur ar fáil ar na torthaí measúnaithe sa scoil.

Tháinig na Leibhéil de Dhul Chun Cinn isteach in 2012/13 in áit na Leibhéil Ghnóthachtála a bhí ann. Cuireann na leibhéil nua béim ar leith ar **scileanna** na ndaltaí seachas ar an eolas agus ar an tuiscint amháin.

De bhrí go bhfuil béim anois ar na scileanna, b’fhéidir go dtabharfá faoi deara go bhfuil cuma orthu go mbeidh siad níos dúshlánaí ag páistí. Tá seans ann go mbeidh dífeall idir an leibhéal a fuair páiste níos sine (faoi na seanchritéir) agus an leibhéal a gheobhaidh do pháiste i mbliana.

## Tuairisciú maidir le dul chun cinn do pháiste sna Scileanna Traschuraclaim

Tugtar eolas sa tábla thíos ar na Scileanna Traschuraclaim is féidir a bheith ag súil leo gach bliain.

<b>Blianta 1 agus 2</b>	Eolas ar dhul chun cinn do pháiste sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC
<b>Blianta 3, 5 agus 6</b>	Eolas ar dhul chun cinn do pháiste sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC bunaithe ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn
<b>Blianta 4 agus 7</b>	Eolas ar dhul chun cinn do pháiste sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC bunaithe ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn <b>chomh maith</b> leis an leibhéal atá bainte amach ag do pháiste i ngach ceann de na scileanna sin.

© CCEA 2016

**COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234

Email: [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk) Web: [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

